

GAELSCOIL CHOLMCILLE

Polasaí maidir le sos gairme agus saoire eile
ón obair

Gaelscoil Cholmuille

Lána na Cúlóige,

An Chúlóg,

Baile Átha Cliath 17.

www.gaelscoilcholmuille.ie



Príomhoide : Neasa Ní Aoláin

Cathaoirleach: Cormac Mc Cashin

Polasaí i leith shos gairme agus saoire eile do mhúinteoirí

Is féidir le múinteoir buan i nGaelscoil Cholmuille cur isteach ar Shos Gairme faoi na coinníollacha atá leagtha amach sa chiorclán reatha agus an bhileog a théann leis. Moltar do mhúinteoirí iad féin a chur ar an eolas ar an ábhar maidir le riachtanais, critéir agus araile sula ndéanann siad iarratas. Agus An Bord Bainistíochta ag déanamh cinnidh faoi iarratas do shos gairme nó eile i gcomhthéacs an chiorcláin thuasluaite, cuirfidh na pointí seo a leanas san áireamh chomh maith:

1. Déanfaidh an Bord Bainistíochta gach iarracht éascaíocht a dhéanamh d'iarratais do shosanna gairme ó mhúinteoirí atá buan.
2. Cé go n-aithnítear go bhfuil múinteoir(i) ag lorg cead imeachta pé cúis atá acu, aithnítear chomh maith go mbeidh leas agus riachtanais oideachasúla na bpáistí i gcónaí chun tosaigh. Aithnítear na dúshláin reatha maidir le ganntanas múinteoirí go náisiúnta freisin.
3. Ní gá don mhúinteoir an chúis don sos gairme a insint ach amháin don Phríomhoide nó don Chathaoirleach más é sin rogha an mhúinteora.
4. Déanfar iarratais a idirdhealú i dtrí ghrúpa;

(i) Post iasachta, Postroinnt agus Briseadh Staidéir

Déanfaidh an bord bainistíochta gach iarratas a phlé go haonarach agus déanfaidh fiúntas an iarratais a phlé i gcomhthéacs na riachtanas atá ag an scoil.

(ii) Sos Gairme

Beidh saoire ceadaithe do suas le duine amháin do scoilbhliain 2021/22. D'fhéadfaí go ndéanfaí eisceacht i gcás ina bhfuil cúinsí áirithe i gceist.

Má bhíonn níos mó iarratas ná áiteanna i gcás grúpa (ii), déanfar na háiteanna a dháileadh de réir an oird seo a leanas:

1. Múinteoirí atá ar shaoire don scoilbhliain 2020/21 arb é 2020/21 an chéad bhliain riamh dóibh a bheith ar saoire ón scoil.
2. Múinteoirí nach ndeachaigh ar shos gairme ná ar iasacht roimhe seo.
3. Tús áite de réir an liosta sinsearachta, an duine is sinsearaí ar dtús.

(iii) Dul ar Iasacht

Beidh iasacht ceadaithe do suas le duine amháin do scoilbhliain 2021/22.

Má bhíonn níos mó iarratas ná áiteanna i gcás grúpa (iii), déanfar na háiteanna a dháileadh de réir an oird seo a leanas:

1. Múinteoirí atá ar iasacht don scoilbhliain 2020/21 arb é 2020/21 an chéad bhliain riamh dóibh a bheith ar iasacht ón scoil.
 2. Múinteoirí nach ndeachaigh ar iasacht roimhe seo.
 3. Tús áite de réir an liosta sinsearachta, an duine is sinsearaí ar dtús.
-
5. Tabharfaidh Cathaoirleach an bhoird freagra i scríbhinn má dhiúltaíonn an bord le hiarratas ar shos gairme roimh 05/03/21.
 6. Má dhéanann múinteoir cinneadh gan dul ar aghaidh le sos/saoire/postroinnt d'aon chineál, ní mór é sin a chur in iúl i scríbhinn do Chathaoirleach an Bhoird faoin 14 Aibreán 2021.

Glacadh leis an bpolasaí seo ag cruinniú den bhord bainistíochta 19/01/21

